# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1202 ÓN gCOIMISIÚN

**an 21 Meitheamh 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 a mhéid a bhaineann le húdaráis rialaithe áirithe agus comhlachtaí rialaithe áirithe a aithint chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 48(3) agus Airteagal 57(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach an liosta de thríú tíortha a n-aithnítear go bhfuil a gcórais táirgthe agus a mbearta rialaithe chun táirgí talmhaíochta a tháirgeadh go horgánach coibhéiseach leis na córais táirgthe agus bearta rialaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([3]).

(2) Chuir an India in iúl don Choimisiún gur tharraing a húdarás inniúil siar creidiúnú na gcomhlachtaí rialaithe 'APOF Organic Certification Agency' (AOCA- IN-ORG-002), 'Bhumaatha Organic Certification Bureau' (BOCB-IN-ORG-034), 'Karnataka State Organic Certification Agency' (IN-ORG-027), agus gur chuir sí creidiúnú an chomhlachta rialaithe 'Faircert Certification Services Pvt Ltd' (IN-ORG-023) ar fionraí.

(3) Chuir an tSeapáin in iúl don Choimisiún gur tharraing a húdarás inniúil siar creidiúnú na gcomhlachtaí rialaithe 'Japan Grain Inspection Association' (JP-BIO-039) agus 'OCIA Japan' (JP-BIO-008).

(4) Chuir an tSeapáin in iúl don Choimisiún gur thug a húdarás inniúil aitheantas don chomhlacht rialaithe 'Japan Association for Inspection and Investigation of Food Including Fats and Oils' (JP-BIO-042).

(5) D'iarr Poblacht na Cóiré ar an gCoimisiún aitheantas a thabhairt don tSeirbhís Náisiúnta Bainistíochta Cáilíochta do Tháirgí Talmhaíochta mar údarás inniúil, sa bhreis ar an Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Gnóthaí Tuaithe.

(6) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 leagtar amach an liosta de na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe a dhéantar a aithint chun críche coibhéise agus atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint i dtríú tíortha. I bhfianaise faisnéis nua agus iarrataí nua a fuair an Coimisiún ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh ar an liosta sin.

(7) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Albinspekt bio.inspecta' chun a aitheantas maidir leis na tríú tíortha uile a bhfuil sé aitheanta ina leith a tharraingt siar, mar gheall ar a chumasc le 'Bio.inspecta AG'.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an liosta de thríú tíortha agus an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a rinneadh a aithint faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 465, 29.12.2021, lch. 8).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

(8) Tá roinnt coinsíneachtaí táirgí a allmhairítear ón India agus ón Éigipt agus atá deimhnithe a bheith orgánach ag 'Biocert International Pvt Ltd' éillithe le táirgí agus substaintí nach gceadaítear i dtáirgeadh orgánach agus/nó i dtáirgeadh traidisiúnta san Aontas, lena n-áirítear ocsaíd eitiléine (ETO), atá carcanaigineach, só-ghineach agus tocsaineach don atáirgeadh. Mar thoradh air sin, rinneadh roinnt fógraí i gCóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí. Is iondúil gur sháraigh na leibhéil éillithe a fuarthas sna coinsíneachtaí na huasleibhéil iarmhar le haghaidh ETO a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(9) Thairis sin, níor léirigh 'Biocert International Pvt Ltd' gur táirgeadh táirgí orgánacha a allmhairíodh faoina rialú i gcomhréir leis na rialacha táirgthe ná go raibh siad faoi réir socruithe rialaithe atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 agus i Rialacháin (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún ([5]) agus (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún ([6]).

(10) Níor léirigh Biocert freisin go raibh gach oibreoir arna rialú ag 'Biocert International Pvt Ltd' faoi réir bearta rialaithe a raibh éifeachtacht choibhéiseach acu agus gur cuireadh bearta rialaithe den sórt sin i bhfeidhm go buan agus go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 33(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

(11) Ina theannta sin, ní dhearna 'Biocert International Pvt Ltd' bearta ceartaitheacha mar fhreagairt ar na neamhrialtachtaí agus ar na sáruithe a tugadh faoi deara.

(12) Ar deireadh, chuir an comhlacht creidiúnaithe IOAS an Coimisiún ar an eolas faoi tharraingt siar a chreidiúnú ISO/IEC 17065 de 'Biocert International Pvt Ltd' do gach catagóir táirgí agus i ngach tríú tír a raibh creidiúnú aige ina leith toisc nár chloígh sé leis na smachtbhannaí roimhe sin, nach ndearna sé na gníomhaíochtaí sonraithe ba ghá agus nár réitigh sé na neamh-chomhréireachtaí.

(13) Ar gach ceann de na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (8)-(12) thuas, agus i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointí (d)(v) agus (vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún ([7]), ba cheart 'Biocert International Pvt Ltd' a tharraingt siar ón liosta údarás rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325.

(14) Chuir 'Ecogruppo Italia' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh.

(15) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Indocert' chun a aitheantas don Chambóid a tharraingt siar.

(16) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH' a aitheantas don Albáin, don Bhanglaidéis, don Bhealarúis, don Bhútáin, do Chúba, don Aetóip, do Ghuine Bissau, don India, don Iaráin, don Chosaiv, don Mhongóil, do Neipeal agus don Phacastáin a tharraingt siar. Ina theannta sin, chuir 'Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh idirlín.

(17) Chuir 'Organic Standard' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh idirlín.

(18) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 a leasú dá réir sin.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i dtaca le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach (IO L 250, 18.9.2008, lch. 1).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 334, 12.12.2008, lch. 25).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin (IO L 292, 16.8.2021, lch. 20).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 mar a leanas:

(1) sa tábla i bpointe 5 den iontráil le haghaidh '**INDIA**', scriostar na rónna le haghaidh códuimhreacha IN-ORG-002, IN-ORG-023, IN-ORG-027 agus IN-ORG-034;

(2) san iontráil le haghaidh '**JAPAN**', leasaítear an tábla i bpointe 5 mar a leanas:

(a) scriostar na rónna le haghaidh códuimhreacha JP-BIO-008 agus JP-BIO-039;

(b) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 'JP-BIO-042 | Japan Association for Inspection and Investigation of Food Including Fats and Oils | www.syken.or.jp' |

(3) san iontráil le haghaidh '**REPUBLIC OF KOREA**', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

'4. Údaráis inniúla: An Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Gnóthaí Tuaithe, www.enviagro.go.kr/portal/en/main.do agus an tSeirbhís Náisiúnta Bainistíochta Cáilíochta do Tháirgí Talmhaíochta, www.naqs.go.kr/eng/main/main.do'.

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 mar a leanas:

(1) scriostar an iontráil le haghaidh **'Albinspekt bio.inspecta'**;

(2) scriostar an iontráil le haghaidh '**Biocert International Pvt Ltd'**;

(3) san iontráil le haghaidh '**Ecogruppo Italia**', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'1. Seoladh: Via Siracusa ar choirnéal Via Merano 95037 — San Giovanni La Punta/Catania-an Iodáil';

(4) sa tábla i bpointe 3 den iontráil le haghaidh '**Indocert**', scriostar an ró le haghaidh na Cambóide;

(5) leasaítear an iontráil le haghaidh '**Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH**' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

'2. Seoladh idirlín: www.kiwa.de/bio';

(b) sa tábla i bpointe 3, scriostar na rónna le haghaidh na hAlbáine, na Banglaidéise, na Bealarúise, na Bútáine, Chúba, na hAetóipe, Ghuine Bissau, na hIndia, na hIaráine, na Cosaive, na Mongóile, Neipeal agus na Pacastáine;

(6) san iontráil le haghaidh '**Organic Standard**', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

'2. Seoladh idirlín: http://www.organicstandard.ua'.